Cód Cleachtais



# Cód Cleachtais idir an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Iarnród Éireann

Iarnród Éireann


*An Roinn*
*Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta*
*Department of*
*Arts, Heritage and the Gaeltacht*

An tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Feabhra 2012

Ríomhphost: nationalmonuments@ahg.gov.ie
Láithreán Gréasáin: www.archaeology.ie



## Réamhfhocal an Aire

Tá áthas orm mar Aire atá freagrach as oidhreacht shaibhir nádúrtha agus tógtha na hÉireann an Cód Cleachtais seo atá forbartha ag mo Roinn agus ag Iarnród Éireann a fhoilsiú. Cuireann an Cód an creat is fearr ar fáil don dá eagraíocht lena bhfreagrachtaí faoi seach a chomhlíonadh. Is é an ról atá ag mo Roinn ár n-oidhreacht seandálaíochta a chosaint. Ó thaobh Iarnród Éireann de tá sé mar fhreagracht orthu córas iompair iarnróid atá éifeachtach a fhorbairt, a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ag aithint go mbaineann impleachtaí seandálaíochta suntasacha lenár gcóras iompair iarannróidh leagtar amach sa Chód seo treoirphrionsabail leathana agus gníomhartha sainiúla comhaontaithe nach mór don dá eagraíocht tabhairt fúthu i ndáil le tionscadail infrastruchtúir. Baineann ardleibhéal comhoibrithe agus comhairliúcháin leis na gníomhartha sin ó thaobh eolais a chur ar fáil do phleanáil infrastruchtúr nua, le himpleachtaí seandálaíochta a aithint agus le cuidiú le bearta maolaithe cuí a a cheapadh.

Tá mo Roinn tiomanta maidir leis an meas is fearr is féidir i ndáil lenár n-oidhreacht seandálaíochta a spreagadh agus lena cinntiú go bhfuil sí cosanta go daingean ionas gur féidir leis an nglúin seo í a fhágáil ina ndiaidh i ndea-chaoi agus go mbeidh na glúine atá ag teacht ina ndiaidh in ann taitneamh a bhaint aisti. Tá ‘inbhuanaitheacht’ lárnach d’obair Iarnród Éireann freisin agus tá ról ag inbhuanaitheacht i bhforbairt an chórais iarnróid.
Is féidir cur go mór le cúram agus le bainistiú ár n-oidhreacht trí chur chuige comhaontaithe mar atá leagtha amach sna Cóid Chleachtais atá dréachtaithe idir mo Roinn agus na heagraíochtaí sin atá freagrach as príomh-infrastruchtúr a sheachadadh. Tá Iarnród Éireann ar cheann de na comhlachtaí sin agus táim ag súil go mór le feidhmiú praiticiúil agus rathúil na dtreoirphrionsabail atá leagtha amach sa doiciméad seo sna blianta atá le teacht.

*Jimmy Deenihan*

Jimmy Deenihan T.D.
An tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Feabhra 2012



## Réamhrá ó Iarnród Éireann

Is cúis áthais d'Iarnród Éireann Cód Cleachtais a bheith forbartha acu i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, a thugann imlíne ar na prionsabail atá le cur i bhfeidhm chun oidhreacht seandálaíochta na hÉireann a chosaint.

Is cuid de Ghrúpa Cuideachtaí Chórais Iompar Éireann (CIE) é Iarnród Éireann, an t-údarás náisiúnta reachtúil a chuireann iompar poiblí talún ar fáil laistigh de Phoblacht na hÉireann. Is iad príomhghníomhaíochtaí na Cuideachta seirbhísí paisinéirí iarnróid Intercity agus Comaitéara, agus seirbhísí lastais a chur ar fáil.

Tá infheistíocht mhór á dhéanamh ag an Rialtas le blianta beaga anuas le hinfrastruchtúr agus le flít rothra Iarnróid Éireann a leathnú agus a thabhairt cothrom le dáta ar mhaithe le tuilleadh seirbhísí agus seirbhísí níos fearr a chur ar fáil ar fud an líonra agus leis an spleáchas ar charranna príobháideacha a laghdú. Áirítear ar an infrastruchtúr líonra de thart ar 2,200km líne iarnróid agus saoráidí cothabhála gaolmhara, os cionn 2,750 droichead agus 146 stáisiún iarnróid chomh maith le trealamh chomharthaíochta, leictreachais agus teileachumarsáide. I measc an infrastruchtúir áirítear rogha shaibhir de dhéanmhais oidhreachta a bhfuil sé i gceist againn aire mhaith a thabhairt dóibh le linn ár dtionscadail uasghrádaithe.

Leanann Iarnród Éireann le tionscadail ard-acmhainneachta iarnróid throm a seachadadh go rathúil mar chuid de chlár infheistíochta iompair náisiúnta. Is ar na bealaí iarnróid atá ann cheana a thugtar faoin gcuid is mó de na tionscadail chaipitil. Leanfaidh Iarnród Éireann le seandálaíocht a bhreithniú go forghníomhach, áfach, le linn gach céim den tionscadal forbartha, ó indéantacht go tógáil.

Léiríonn an Cód Cleachtais seo go bhfuil Iarnród Éireann tiomanta go hiomlán a chinntiú go dtugtar faoi na tionscadail chaipitil ar fad ar bhealach atá inbhuanaithe don chomhshaol agus a thugann cosaint don oidhreacht nádúrtha agus tógtha araon. Tá Iarnród Éireann ag tnúth go mór oibriú go dlúth leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir leis an tseandálaíocht a chosaint mar atá comhaontaithe sa Chód seo.

Richard Fearn
An Príomh-Fheidhmeannach
Iarnród Éireann



Cód Cleachtais

## An Cód Cleachtais a comhaontaíodh idir Iarnród Éireann agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Is é cuspóir an Chóid seo creat a sholáthar laistigh den reachtaíocht, polasaí agus cleachtas atá ann cheana le cur ar chumas Iarnród Éireann dul chun cinn lena chlár oibre, laistigh de chreat straitéis iompair an Rialtais, agus é ag tabhairt faoi bhearta maolaithe seandálaíochta cuí agus aird á thabhairt ar an sraith prionsabail agus gníomhartha a chomhaontaigh an dá pháirtí.

### Tá an Cód faoi stiúir ag na prionsabail comhaontaithe seo a leanas

1. Tá freagracht ar an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an oidhreacht seandálaíochta a chosaint agus chun cumhachtaí buanchoimeádta a fheidhmiú faoi



Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004, ag cur an Coinbhinsiún Eorpach um chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta (Valetta) san áireamh.

2. Tá freagracht ar Iarnród Éireann córas iompair iarnróid atá sábháilte, slán, iontaofa, eacnamaíoch agus éifeachtach a fhorbairt, a chothabháil agus a fheidhmiú.

3. D'fhéadfadh impleachtaí seandálaíochta a bheith ag forbairt córas den sórt sin, nach mór aghaidh a thabhairt orthu ó tharla gur acmhainn neamh-inathnuaite í an oidhreacht seandálaíochta.

4. Déanfaidh Iarnród Éireann maoiniú ar chur chuige atá cothrom agus costéifeachtach i leith imscrúduithe tochailt agus maolaithe seandálaíochta mar ghné lánpháirtiúil de chostais tionscadail chlár forbartha córas iompair ar bhonn an phrionsabail go *n-íocann an forbróir* agus ag teacht le polasaí sonraithe an Aire ina leith sin.

5. Glacadh le cur chuige comhpháirtíochta idir Iarnród Éireann agus an tAire chun seachadadh polasaí Rialtais a bhaint amach ag tabhairt na n-impleachtaí ar an tseandálaíocht san áireamh.

6. Déanfar forbairt ar straitéisí cuí le tionchair dhíreacha ar sheandálaíocht a íoslaghdú ag tabhairt impleachtaí sábháilteachta agus deartha an chórais iompair, an comhshaol agus tionchair agus costais eile san áireamh.

7. Laghdaíonn maolú pleanála chomh luath agus is féidir an tionchar ar an oidhreacht seandálaíocht.

8. Tá cuardach láithreáin seandálaíochta agus iarsmaí eile den sórt sin, seachas amháin in imthosca eisceachtúla, teoranta do laistigh de chríoch an limistéir atá faoi fhorbairt.

9. Tá an dá pháirtí tiomanta do dhéileáil le himpleachtaí seandálaíochta chlár forbartha an chórais iompair ar bhealach atá cothrom agus costéifeachtach ag teacht le

(a) Comhlíonadh amscálaí Iarnróid Éireann i leith tionscadail a thabhairt ó réamhphleanáil go tús na tógála

(b) Tabhairt chun críche tionscadail laistigh den amchlár comhaontaithe

(c) Leibhéal tochailte agus taifeadadh láithreáin seandálaíochta, a mbeidh tionchar ag forbairt córais iompair orthu, atá inghlactha ag an Aire agus do bhuanchoimeád in-situ sna himthosca áirithe sin i gcás ina n-iarrfaidh an tAire é agus a bheidh réasúnach de réir cleachtais.

10. Coinníonn an dá pháirtí an ceart athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí.

11. Comhoibreoidh Iarnród Éireann agus an tAire lena chinntiú, go ndéanfar imscrúdú seandálaíochta cuí, a mhéid is féidir é, le linn na tréimhse ó aithint bealaigh go deonú an Ordú Iarnróid go tús na tógála.

12. Comhaontaíonn an dá pháirtí ar fhoireann a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Chóid Cleachtais agus le tabhairt faoi athbhreithniú foirmiúil laistigh de thrí bliana óna ghlacadh agus ag tréimhsí comhaontaithe ina dhiaidh sin.

## Gníomhartha Comhaontaithe
### Déanfaidh Iarnród Éireann

1. Ceapadh Seandálaí Comhairleach ceannais a chinntiú chun cuidiú le gnéithe seandálaíochta na n-oibreacha beartaithe a ullmhú do scéimeanna a bheidh faoi réir ag Measúnú Tionchair Comhshaoil (EIA) reachtúil. Cinnteoidh Iarnród Éireann ceapachán Seandálaí Tionscadail freisin le maoirseacht a dhéanamh ar reáchtáil réidh gnéithe seandálaíochta na n-oibreacha atá beartaithe do scéimeanna má mheasann an dá pháirtí gur gá é sin a dhéanamh.

   (Sainmhínítear ról an tSeandálaí Tionscadail in **Aguisín I** agus leagtar amach an caidreamh idir an Seandálaí Tionscadail agus an Seandálaí Comhairleach in **Aguisín II**)

2. Cinnteoidh siad go mbeidh an Seandálaí Tionscadail agus/nó an Seandálaí Comhairleach ceannais ina gcomhaltaí den fhoireann deartha tionscadal. Mar chomhalta den fhoireann beidh ionchur aige nó aici i bhforbairt an chláir agus sa straitéis fhála/tógála lena n-áirítear forbairt doiciméid chonartha a bhaineann le ceapachán Seandálaithe Comhairleacha.



3. Déanfaidh siad gach iarracht le linn na pleanála, ná tógála agus na cothabhála ar an líne iarnróid le tionchar díreach ar aon láithreán seandálaíochta nó ar limistéir sheandálaíochta le tábhacht seandálaíochta a sheachaint agus a mhéid agus is féidir le réasún, a chinntiú go bhfuil na línte lonnaithe le seandálaíocht a sheachaint go hiomlán

4. Éileoidh siad go ndéileálfaidh seandálaí ag a bhfuil taithí leis an bpróiseas leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tograí forbartha ar sheandálaíocht a aithint.

5. Rachaidh siad i gcomhairle leis an Aire le linn an phróisis dearaidh.

6. Sa chás nach féidir é a sheachaint go réasúnach, déanfar na láithreáin agus na séadchomharthaí seandálaíochta a bhfuil eolas fúthu a thochailt agus a thaifeadadh, nó



codanna den sórt sin, a bhfuil tionchar ag na hoibreacha tógála orthu, de réir modheolaíochtaí comhaontaithe agus ceadófar dóthain ama leis an taifeadadh sin a dhéanamh chun sástacht an Aire.

7. Fógra a thabhairt don Aire maidir le haon séadchomhartha a nochtar le linn na n-oibreacha agus nach raibh a fhios gurbh ann dóibh roimhe sin. Ar éileamh ón Aire stopfaidh Iarnród Éireann an obair ar an láithreán le go bhféadfar aon slanchoimeád atá riachtanach a bhreithniú.

8. Cuirfear maoiniú riachtanach ar fáil le ceanglais iarthochailte an Aire a chomhlíonadh lena n-áirítear ábhar seandálaíochta a chaomhnú, foráil d'anailís eolaíoch agus dátú chomh maith le tuarascálacha ar gach obair seandálaíochta a chur ar fáil, ar chaighdeáin a shásóidh an tAire.



## Déanfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (trí Sheirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta na Roinne)

1. Freagra tráthúil a thabhairt ar chomhairliúcháin ón Seandálaí Tionscadail agus/nó ón Seandálaí Comhairleach ceannais.

2. Critéir mheasúnaithe a chomhaontú chun críocha láithreáin agus limistéir a bhfuil tábhacht seandálaíochta leo a aithint a chuirfidh eolas ar fáil maidir le méid an imscrúdaithe seandálaíochta a gcaithfear dul ina mbun.

3. Ceadúnais a eisiúint, faoi alt 26 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930, arna leasú, do thochailtí seandálaíochta, laistigh de 3 seachtaine ó iarratas a fháil.



4. Toiliú a eisiúint, faoi alt 14 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930, arna leasú, laistigh d'amscala réasúnta faoi réir chastacht na n-oibreacha atá le déanamh. (Nóta: Áirítear in Alt 15 na hoibreacha ar fad a bhfuil éifeacht acu ar shéadchomharthaí náisiúnta agus ní díreach tochailtí seandálaíochta agus sin amháin).

5. Clár cuí do mhaolú seandálaíochta agus/nó do thrinseáil tástála agus do chóras do thochailtí a chomhaontú nó a stiúradh leis an Seandálaí Tionscadail agus/nó leis an Seandálaí Comhairleach, ar a n-áireofar amscálaí molta.

6. A chomhaontú go mbeidh stiúrthóir aonair leordhóthanach chun láithreáin a thochailt nuair atá na láithreáin atá i gceist mar chuid de coimpléacs scoite nó go bhfuil siad cóngarach dá chéile le haird á thabhairt ar mholtaí an tSeandálaí Tionscadail.

7. Leas a bhaint as nós imeachta comhairliúcháin atá á fheidhmiú ag Iarnród Éireann, le linn roghanna bealaí agus barrfheabhsú an próiseas don bhealach, agus impleachtaí seandálaíochta a aithint chun críche eolas a chur ar fáil don phróisis roghnaithe bealaigh.

8. Sonrú a dhéanamh ar fhormáid agus caighdeán na dtuarascálacha atá le cur faoi bhráid de bhun ceadúnais agus toilithe a eisíodh.

## Aguisín I

## Ról an tSeandálaí Tionscadail ar Thionscadail Mhóra

### Beidh an Seandálaí Tionscadail

1. Fostaithe ag Iarnród Éireann do thionscadal sonraithe agus chreat ama sonraithe.

2. Oibreoidh sé/sí leis an bhfoireann tionscadal ag an gcéim réamhphleanála le súil le heolas a chur ar fáil do roghnú an bhealaigh agus le hiarracht a dhéanamh an tionchar ar láithreáin seandálaíochta a bhfuil eolas fúthu nó ar limistéir sheandálaíochta le tábhacht seandálaíochta a íoslaghdú.

3. Ullmhóidh sé/sí an tsonraíocht don chaibidil oidhreacht chultúrtha an EIA don Seandálaí Comhairleach, de réir mar is cuí, agus cinnteoidh sé/sí go dtabharfar faoin réamhobair seandálaíochta ar fad (deascstaidéar, siúl na láithreáin, grianghrafadóireacht ón aer, agus, más gá, trínseáil tástála, suirbhéanna geoifisiceacha, srl.,) don EIA i gcomhréir sárchleachtas.

4. Cinnteoidh sé/sí go bhfuil moltaí an EIA agus maolaithe ag teacht le sárchleachtas agus le beartais arna gcinneadh ag an Roinn.

5. Cinnteoidh sé/sí go mbíonn iarratais ar cheadúnais thochailte agus ar toilithe Aireachta in ord sula gcuirtear faoi bhráid na Roinne iad. Caithfear an séadchomhartha náisiúnta atá i gceist san iarratas ar thoiliú Aireachta a aithint ina iomláine agus ní mór go mbeidh cur síos iomlán ar na hoibreacha atá beartaithe san áireamh. Caithfear ráiteas modhanna oibre a chur san áireamh leis an iarratas

má tá tochailt seandálaíochta riachtanach. Sonrófar sa ráiteas modhanna oibre an bealach ina bhfuil na tochailtí le déanamh agus na hamscálaí do chríochnú an taifeadadh ar na láithreáin freisin.

6. Beidh sé/sí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na tochailtí seandálaíochta, lena chinntiú go bhfuil an obair á déanamh de réir na ráitis modhanna oibre agus de réir coinníollacha na gceadúnas agus na dtoilithe agus laistigh de na hamscálaí comhaontaithe.

7. Cuirfidh sé/sí aon athruithe atá molta ar na ráitis modhanna oibre faoi bhráid na Roinne lena gceadú.

8. Beidh air/uirthi a chinntiú go bhfuil an maolú seandálaíochta agus a chinntiú go bhfuil na tochailtí seandálaíocht á ndéanamh chuig caighdeán atá inghlactha ag an Aire.

9. Beidh air/uirthi an Roinn a chur ar an eolas nuair a bhíonn an tochailt tugtha chun críche.

10. Beidh air/uirthi a chinntiú go mbeidh cineál agus cáilíocht na dtuarascálacha tochailte ar fad ag caighdeán atá inghlactha ag an Aire agus go gcuirtear faoi bhráid iad laistigh de scála ama atá comhaontaithe.

11. Deimhneoidh sé/sí na costais seandálaíochta ar fad.

## Aguisín II

## An Caidreamh idir an Seandálaí Tionscadail agus an Seandálaí Comhairleach (Sealbhóir Ceadúnais) agus Tochailtí Seandálaíochta á ndéanamh

1. Beidh an Seandálaí Tionscadail freagrach as bainistiú an chláir seandálaíochta.

2. Beidh an Seandálaí Tionscadail agus an Seandálaí Comhairleach araon freagrach as a chinntiú go ndéanfar na láithreáin a thochailt agus a thaifeadadh ag caighdeán atá inghlactha ag an Aire agus ar shlí a bheidh i gcomhréir le nádúr tarrthála na dtochailtí. Soláthróidh an Seandálaí Tionscadail, i gcomhar leis an Seandálaí Comhairleach, tuarascálacha dul chun cinn tréimhsiúla agus tuarascálacha eile don Roinn maidir leis an gclár seandálaíochta de réir na gcoinníollacha ceadúnais/toiliú an Aire.

3. Má bhíonn aon aighneas ann idir an Seandálaí Tionscadail agus an Seandálaí Comhairleach a bhaineann le stiúradh na dtochailtí, cuirfear an cás ar aghaidh chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le cinneadh a dhéanamh. Táthar ag súil go leanfaidh Seandálaithe Comhairleacha treoracha an tSeandálaí Tionscadail agus níor cheart achomhairc a thabhairt go dtí Roinn ach amháin nuair a bhíonn cúiseanna maithe imní ann nach bhfuiltear ag sásamh chaighdeáin tochailte nó taifeadadh inghlactha.

4. Is féidir an ceadúnas a tharraingt siar sa chás go mainníonn ar an Seandálaí Comhairleach cloí leis an ráiteas modhanna oibre nó le treoracha bailí ón Seandálaí Tionscadail/Toiliú Aire.